



EAGARTHÓIR BLAISÍNÍ TG4

Conradh Buan

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar an bpost, Eagarthóir Blaisíní TG4.

Is mian le TG4 Eagarthóir Blaisíní a earcú a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann i nGaeltacht na Gaillimhe. Freagróidh an tEagarthóir Blaisíní do Bhainisteoir Moil Cruthaithe, agus beidh an té sin freagrach as ábhar físiúil cruthaitheach a chruthú, ábhar atá dírithe ar lucht féachana ar leith ar fud ardáin TG4.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais cháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i ndáil le hÉagsúlacht. Fáiltíonn muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

An Ról

Sa ról seo beidh an té a cheapfar freagrach as lucht féachana a mhealladh chuig ábhar ar fud ardáin TG4, branda TG4 a chur chun cinn trí ábhar atá cruthaitheach agus ar ardchaighdeán a chruthú chomh maith leis na nithe seo a leanas:

- Ábhar gearrghoirme a chruthú atá ar ardchaighdeán idir bhlaisíní, sheóríleanna, fhíseáin chorporáideacha agus ábhar digiteach trasardán do TG4.
- Ábhar insólathartha ar ardchaighdeán a sheachadadh.
- Eagarthóireacht físe agus eolas a bheith agat ar threochtaí físiúla sa mhargaíocht agus sna meáin dhigiteacha
- Moltaí/Smaointe cruthaitheacha a thabhairt agus a ghlacadh a chuireann le branda TG4.
- Tograí a bhainistiú, a eagrú agus a chartlannú
- Ábhar a sheachadadh a bheidh feiliúnach le craoladh ar an aer, go réamhlíneach, mar ábhar digiteach agus fógraíochta go himmheánach agus le comhlachtaí seachtracha

Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Tuiscint, taithí agus saineolas ar na réimsí eagarthóireachta is déanaí. Eolas ar bhogearraí agus nósmhaireachtaí eagarthóireachta reatha agus nuálach: Adobe Premiere Pro, Adobe After Effects agus Final Cut X.

Taithí ar ábhar a stiúradh.

Ardscileanna i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla chomh maith le bheith ábalta cóipscríbhneoireacht a dhéanamh

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí ar ábhar físiúil a chruthú.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Tá Polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4

Is 4pm Dé Luain an 20ú Márta 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol CV mar aon le litir iarratais ina leagtar amach an fhís a bheadh agat chuig: cv@tg4.ie